Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6319/22**

**JAI 203**
**JUSTCIV 24**
**COPEN 49**
**FREMP 33**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rochtain ar dhlíodóir agus an smacht reachta<br>- Páipéar plé de chuid na hUachtaránachta |

Mar ullmhúchán don Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) an 3-4 Márta 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí an doiciméad thuasluaite i gceangal leis seo.

Bíonn ról tábhachtach ag dlíodóirí maidir leis an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna a chosaint, agus deighilt na gcumhachtaí agus na cearta bunúsacha á n-urramú. Agus iad i mbun comhairle, ionadaíochta agus cúnamh dlíthiúil, cosnaíonn siad cearta agus saoirsí daoine aonair, labhraíonn siad os comhair na gcúirteanna agus ar an gcaoi sin cuireann siad le ceartas inrochtana, intuigthe, cothrom agus daonna.

**I stát atá faoi rialú ag an smacht reachta, is nasc fíor-riachtanach iad dlíodóirí idir daoine aonair agus a gceartas, ach is cosaint láidir iad freisin i gcoinne aon chineál cumhachta treallaí.**

I dTuarascáil 2021 maidir leis an Smacht Reachta, a thíolaic an Coimisiún Eorpach, cuirtear i dtreis go n-éilítear le córas breithiúnach éifeachtach go mbeadh an tsaoirse ag dlíodóirí a gcuid gníomhaíochtaí a chleachtadh maidir le comhairle a chur agus ionadaíocht a dhéanamh ar a gcliaint agus go bhfuil ról tábhachtach ag na barraí neamhspleáchas agus sláine ghairmiúil dlíodóirí a áirithiú.

Sin an fáth nach mór do dhlíodóirí a gcúraimí a chomhlíonadh faoi ráthaíochtaí áirithe maidir le húdaráis phoiblí, cumhachtaí eacnamaíocha, na breithiúna, a gcomhghleacaithe, a gcliaint, agus fiú maidir lena leasanna féin. Maidir leis sin, rannchuidíonn na barraí, ina dtagann dlíodóirí le chéile agus ina n-eagraíonn siad a chéile, le neamhspleáchas, sláine ghairmiúil agus eitic na ndlíodóirí a áirithiú.

Sa lá atá inniu ann agus thar aon ní eile, is rialacha náisiúnta iad na rialacha maidir le gairm an dlíodóra. Níl comhdhearcadh san Aontas maidir leis an sainmhíniú ar ghairm an dlíodóra fiú; ní hionann é ó Bhallstát go chéile. Mar sin féin, laistigh den Aontas Eorpach, agus lasmuigh de, tá guthanna ann i ngairm an dlíodóra a cháineann na hionsaithe atá dírithe orthu.

Ar an leibhéal domhanda, rinneadh beagnach 2500 dlíodóir a mharú, a ghabháil nó a bhagairt agus iad i mbun a gcuid gníomhaíochtaí idir 2010 agus 2020[1]. Tugann Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) dá haire gurb amhlaidh, ar mhór-roinn na hEorpa, ina bhfuil meas forleathan ar an smacht reachta go fóill, a dhéantar ionsaí ar dhlíodóirí fós agus a dhéantar sin i bhfoirm bagairtí, sáruithe ar rúndacht an chaidrimh leis an gcliant, comhshamhlú dlíodóirí ar chúis a gcliant, agus uaireanta i bhfoirm iarrachtaí bac a chur ar chleachtadh na gairme.

Ina theannta sin, ní hamháin go mbaineann na hionsaithe ar ghairm an dlíodóra le dlíodóirí aonair. D'fhéadfaidís díriú ar an ngairm ina hiomláine freisin, bíodh sin go díreach nó go hindíreach.

Go ginearálta, gach áit ina mbaintear an bonn den smacht reachta agus ina ndéantar ionsaithe ar neamhspleáchas na mbreithiúna, bíonn na dlíodóirí i mbaol go háirithe. Is sa chomhthéacs sin a leagann an Coimisiún béim níos mó, sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh ar an Smacht Reachta, ar iniúchadh a dhéanamh ar staid na ndlíodóirí sna Ballstáit éagsúla. I bhfianaise an róil thábhachtaigh atá acu i bhfeidhmiú an chórais bhreithiúnaigh, sa rochtain ar cheartas dá gcomhshaoránaigh agus maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, tá dlíodóirí ar cheann de na gairmeacha is mó a spriocdhírítear air nuair a bhíonn an smacht reachta faoi bhagairt.

Cuirtear i bhfios go láidir i Scórchlár Ceartais 2021[2] go bhfuil ról tábhachtach ag na barraí chun neamhspleáchas dlíodóirí a áirithiú agus meabhraítear ann go n-éilítear le caighdeáin Eorpacha[3], *inter alia*, an tsaoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh agus neamhspleáchas na mbarraí, agus leagtar síos bunphrionsabail na n-imeachtaí araíonachta i gcoinne dlíodóirí.

---

1 Réponse du 6 décembre 2021 du CCBE à la consultation du rapporteur spécial des Nations Unies sur l'indépendance des juges et des avocats à l'occasion de l'élaboration de son prochain rapport sur la protection des avocats [Freagra ó CCBE an 6 Nollaig 2021 ar chomhairliúchán Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna agus na ndlíodóirí agus an chéad tuarascáil eile maidir le cosaint dlíodóirí á hullmhú aige]. https://www.ccbe.eu/fileadmin/speciality_distribution/public/documents/HUMAN_RIGHTS/HR_Position_papers/FR_HR_20211206_CCBE-response-to-the-UN-Special-Rapporteur-on-the-Independence-of-Judges-and-Lawyers.pdf.

2 Féach go háirithe Figiúr 58 'Neamhspleáchas na mbarraí agus na ndlíodóirí'.

3 Moladh Uimh R(2000)21 ó Choiste na nAirí de chuid Chomhairle na hEorpa.

Maidir le hionstraimí ceangailteacha, cumhdaítear in Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint an ceart chun triail chóir a fháil, lena gcuimsítear an ceart chun ionadaíocht a fháil ó chosantóir. In Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh cumhdaítear an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil agus rochtain ar bhinse, agus deirtear go mbeidh an chaoi ag gach duine go ndéanfar é nó í a chomhairliú, a chosaint agus a ionadú.

Maidir le hionstraimí an dlí bhoig, cumhdaítear le prionsabail Havana de chuid na Náisiún Aontaithe, 1990,[4] bunphrionsabail maidir le ról an bharra. I Moladh Uimh. R (2000)21 ó Chomhairle na hEorpa maidir leis an tsaoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh[5], iarrtar ar na Stáit is Páirtithe go ráthófar an tsaoirse tuairimíochta ag dlíodóirí agus an tsaoirse acu tuairimí a nochtadh, meas ar an rúndacht ghairmiúil agus an ceart chun cosaint a fháil i gcoinne gach cineáil brú, smachtbhannaí nó bagairtí.

Laistigh den Aontas Eorpach, rinneadh gairm an dlíodóra a rialáil i bhfianaise na saoirse chun seirbhísí a sholáthar. Le Treoir 77/249/CEE an 22 Márta 1977[6] agus le Treoir 98/5/CE an 16 Feabhra 1998[7], leagadh síos na rialacha agus na coinníollacha chun go bhféadann dlíodóir cleachtadh, ar bhonn ad hoc nó ar bhonn buan, i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuair sí nó sé a cáilíocht nó a cháilíocht.

---

4 Principes de base relatifs au rôle du barreau, arna nglacadh ag Ochtú Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Coireacht a Chosc agus Déileáil le Ciontóirí, a tionóladh in Havana (Cúba) ón 27 Lúnasa go dtí an 7 Meán Fómhair 1990.

5 *Recommandation n°R(2000)21 du Comité des ministres aux États membres sur la liberté d'exercice de la profession d'avocat* [Moladh Uimh. R(2000)21 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir leis an tsaoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh], a glacadh an 25 Deireadh Fómhair 2000.

6 Treoir 77/249/CEE ón gComhairle an 22 Márta 1977 chun feidhmiú éifeachtach dlíodóirí chun seirbhísí a sholáthar a éascú.

7 Treoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtas ghairm an dlíodóra a éascú ar bhonn buan i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht cheana.

Rinneadh cleachtadh ghairm an dlíodóra a rialáil go teagmhasach i reachtaíocht thánaisteach in ábhair choiriúla freisin, amhail Treoir 2012/13/AE an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla[8], nó Treoir 2013/48/AE an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir,[9] a gcumhdaítear in Airteagal 4 di rúndacht ghairmiúil na cumarsáide idir an dlíodóir agus a cliaint nó a chliaint.

Sa rún uaithi an 23 Márta 2006 maidir le gairmeacha an dlí agus leas ginearálta i ndáil le feidhmiú na gcóras breithiúnach, bhí an deis ag Parlaimint na hEorpa cheana 'aitheantas iomlán a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag na gairmeacha dlí i sochaí dhaonlathach chun go ráthaítear an urraim do chearta bunúsacha, an smacht reachta agus an tslándáil i bhforfheidhmiú an dlí, nuair a dhéanann dlíodóirí ionadaíocht ar a gcliaint agus nuair a dhéanann siad iad a chosaint os comhair na gcúirteanna agus, ina theannta sin, nuair a chuireann siad comhairle dlí orthu' (aistriúchán neamhoifigiúil).

Níl aon rialacha sonracha ann, áfach, maidir le stádas nó eitic ghairm an dhlíodóra ar leibhéal an Aontais[10]. Tá sé ráite go seasta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, in éagmais rialacha Eorpacha sonracha, 'go bhfuil gach Ballstát, i bprionsabal, saor chun cleachtadh ghairm an dlíodóra ar a chríoch a rialáil' (aistriúchán neamhoifigiúil)[11], ós rud é go bhféadfadh difríocht shuntasach a bheith ann idir na rialacha is infheidhme maidir leis an ngairm ó Bhallstát go chéile.

Leis an easpa corpas coiteann sin, tá an-solúbthacht ag roinnt leis an gcásdlí ach cuireann sé bac ar thagairt a dhéanamh do chaighdeáin chomhchoiteanna i gcásanna ina gcuirfí neamhspleáchas na ndlíodóirí, ar bhonn domhanda nó ar bhonn aonair, i mbaol nó ar a laghad ina gconspóidfí é.

---

8 Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla.

9 Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le ceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí an Bharántais Gabhála Eorpaigh agus ar an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar an eolas nuair a chailltear an tsaoirse agus cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalacha nuair a chailltear an tsaoirse.

10 Ghlac Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa *Modèle de code de déontologie des avocats européens*

11 ECJ, 19 Feabhra 2002, *Wouters et autres c. Algemene Raad van de Nederlandse Orde van Advocaten*, Cás C-309/99, mír 99.

I ndáil leis sin, d'fhéadfaí machnamh a thionscnamh i ndáil le corpas coiteann rialacha maidir le gairm an dlíodóra, mar ghné riachtanach chun dea-fheidhmiú an an chórais bhreithiúnaigh san Aontas Eorpach a ráthú. Tá obair ina leith sin ar bun ag Comhairle na hEorpa. Tá an Coiste Eorpach um Chomhar Dlíthiúil (CDCJ) ag obair faoi láthair ar a indéanta a bheadh ionstraim nua Eorpach dlí maidir le gairm an dlíodóra. Ba cheart féachaint an bhféadfadh an tAontas Eorpach aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin freisin. Go deimhin, mar thoradh ar na ceanglais shonracha maidir le cáilíocht na gcinntí breithiúnacha chun prionsabal na muiníne frithpháirtí a chur chun feidhme, ar prionsabal é lena dtréithrítear an réimse breithiúnach Eorpach, d'fhéadfadh bonn cirt a bheith leis an Aontas féachaint an bhféadfadh sé corpas rialacha sonracha a fhorbairt, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, maidir leis an ábhar sin agus conas a d'fhéadfadh sé an corpas sin a fhorbairt.

Chun dul chun cinn comhpháirteach a dhéanamh maidir leis na hacmhainní is gá chun an ghairm a chosaint, ar mhaithe leis an smacht reachta a chosaint agus a chur chun cinn, iarrfar ar na hairí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1) An measann tú, i bhfianaise do staide náisiúnta, go bhféadfadh reacht Eorpach do dhlíodóirí, lena ráthófaí cleachtadh neamhspleách na gairme, a bheith ina chuidiú an urraim ar an smacht reachta a ráthú?

2) Cad iad na dúshláin atá os comhair na ndlíodóirí san Aontas maidir leis an smacht reachta a chosaint agus conas a d'fhéadfadh an tAontas rannchuidiú chun aghaidh a thabhairt orthu siúd?

---